Cásanna Féideartha do Thuismitheoirí

Coimisiún na Meán

Cathain Tuairisciú chuig Coimisiún na Meán

1 Fuath ar líne

Thaispeáin mo leanbh físeán uafásach dom a tháinig aníos i gcórais moltóirí mo linbh faoi dhuine éigin a bhí a rá rudaí ciníocha agus maslacha faoi inimircigh. An féidir liom é sin a thuairisciú? Cad a dhéanfaidh mé anseo? An bhfuil an méid sin mídhleathach?

Is féidir leis an gcineál sin ábhair goilleadh ar dhaoine agus na daoine sin ar a bhfuil sé dírithe, is féidir go mothóidh siad go bhfuil siad fágtha ar lár nó go mbreathnaítear orthu mar dhaoine eile, go bhfuil siad difriúil. Ag brath ar dhéine an fhíseáin, is féidir go mbeidh an méid sin mídhleathach faoi dhlí de chuid na hÉireann ar a dtugtar 'an tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha' agus is féidir leat an phostáil sin a thuairisciú mar ábhar mídhleathach.

Tá a gcaighdeáin nó a dtéarmaí agus a gcoinníollacha pobail féin ag ardáin freisin. Ag brath ar an ardán, is féidir nach gceadófar an cineál sin ábhair faoi rialacha na nardán féin. Is féidir leat tuairisc a thabhairt faoin bhfíseán sin don ardán ar a bhfaca tú é ar dtús. Ba cheart duit admháil a fháil ar do thuairisc agus mura dtaitníonn a gcinneadh leat i dtaobh cé acu ar cheart nó nár cheart an tábhar a bhaint, ba cheart duit a bheith in ann an cinneadh sin a achomharc.

Mar sin féin, ba cheart duit a thabhairt faoi deara gurb ann d'ábhar 'uafásach ach dleathach' ar líne agus cé gur féidir nach naontóidh tú le tuairimí daoine eile, mura bhfuil an dlí, nó na rialacha ar an ardán, á bhriseadh acu, is féidir, go minic, nach mbainfear an tábhar sin anuas.

Cad eile is féidir leat a dhéanamh chun cuidiú le do leanbh

- Is féidir leat cuidiú le do leanbh an duine ag a bhfuil an físeán sin á sheoladh a bhlocáil nó a bhalbhú.
- Is féidir leat cuidiú leis nó léi a chórais nó a córais moltóirí a choigeartú ach 'Ní mian liom é seo a fheiceáil' a rá.
- Leis an dlí, is féidir leat cuidiú leis nó léi cinneadh a rinne an tardán a achomharc.
- Is féidir leat cuidiú leis nó léi úsáid a bhaint as 'réiteach díospóide lasmuigh den chúirt'.

Cásanna Féideartha do Thuismitheoirí

Cathain Tuairisciú chuig Coimisiún na Meán

2 Tioncairí/Fógraí/ Cailleadh Meáchain

Tháinig mé ar thionchaire a raibh aiste bhia, chomh maith le piollairí aiste bia, anchontúirteach á gcur chun cinn aige. Ní fhaca mé lipéad ar an bpostáil sin. Tá mé buartha go mb'fhéidir go bhfeicfidh mo leanbh é sin. Cad is féidir liom a dhéanamh?

Faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne, ní cheadaítear fógraí a spriocdhíriú ar leanaí agus dá réir sin, níor cheart do leanaí a bhfuil a naois cheart dearbhaithe acu fógraí spriocdhírithe a fháil ar líne. Soiléirítear ann freisin gur cheart fógraí a lipéadú go soiléir.

Má fheiceann tú postálacha ar ardáin nach bhfuil fógraí lipéadaithe go soiléir iontu, is féidir leat an méid sin a thuairisciú. Mura féidir leat a fháil amach conas tuairisciú, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán. Ba mhaith linn a fhios a bheith againn an bhfuil nó nach bhfuil na hardáin ag cloí leis na rialacha sin.

Cad eile is féidir leat a dhéanamh chun cuidiú le do leanbh

- Is féidir leat cuidiú leis nó léi an phostáil nó a cuntas a bhlocáil nó a bhalbhú.
- Is féidir leat cuidiú leis nó léi do chórais moltóirí a choigeartú ach 'Ní mian liom é seo a fheiceáil' a rá.
- Is féidir go mbeidh tionchairí faoi réir dlíthe tomhaltóirí freisin. Is eagraíocht eile é CCPC a d'fhéadfadh a bheith in ann cuidiú. Mura léir cé acu atá nó nach bhfuil táirge á dhíol nó más 'fógra urraithe' é nó mura léir sin, is féidir leat cuidiú leo teagmháil a dhéanamh le CCPC.
- D'fhéadfá a mholadh go mbreáthóidís ar acmhainní iontacha eile ar na suíomhanna gréasáin atá ag FSS agus BiaSlán faoi itheachán sláintiúil.

Cásanna Féideartha do Thuismitheoirí

Coimisiún na Meán

Cathain Tuairisciú chuig Coimisiún na Meán

3 Ar cheart dom sin a thuairisciú?

Chonaic mé físeán faoi dhuine éigin atá in aghaidh an rialtais. Níl mé cinnte an raibh sceimhlitheoireacht 'á cur chun cinn' ag an duine ach is cinnte go rabhthas ag iarraidh ar dhaoine a bheith páirteach i gcúis an duine agus is cosúil go raibh foréigean á mholadh ag an duine sin. Ar cheart dom sin a thuairisciú? Is cosúil nár tháinig sé faoi na catagóirí.

Go ginearálta, is fearr tuairisciú i gcónaí, fiú mura bhfuil tú róchinnte den chatagóir ba cheart dó teacht fúithi. D'fhéadfadh sé go bhfuil gníomhaíocht sceimhlitheoireachta á spreagadh leis an bpostáil sin, rud ar féidir leis a bheith mídhleathach. Dá mbeadh cuidiú uait agus tú ag tuairisciú, is féidir leat féachaint ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán faoi cad é ábhar mídhleathach. Más amhlaidh a éiríonn leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán, is féidir go dtreoróimid tú chuig an nGarda Síochána, nó Hotline.ie uaireanta freisin, ós féidir go mbeidh sé ar an údarás inniúil.

Faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne, nuair a thuairiscíonn tú ábhar (díobhálach nó mídhleathach), ba cheart duit freagra a fháil ón ardán, agus ba cheart an deis a thabhairt duit a gcinneadh a achomharc. Mura dtarlaíonn sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán.

Cad eile is féidir leat a dhéanamh

- Is féidir leat breathnú ar téarmaí agus coiniollacha na nardáin le feiceáil cad is féidir nó nár féidir a thuairisciú.
- Is féidir leat an duine a phostáil an t-ábhar a bhlocáil.
- Is féidir leat an duine a phostáil an t-ábhar a dí-leanúint.

Cásanna Féideartha do Thuismitheoirí

Coimisiún na Meán

Cathain Tuairisciú chuig Coimisiún na Meán

4 Foréigean/ Príobháideachas

Bhí mo mhac atá sna déaga i dtroid ar scoil agus d'uaslódáil duine éigin an físeán ar líne. Is féidir é a shainaithint go soiléir agus ainmníodh é. Conas is féidir liom é a bhaint anuas?

An rud is fearr ná go dtuairisceoidh do mhac féin an físeán sin chuig an ardán ós rud é go mbaineann sé leis féin agus gur féidir go nardófar ábhair imní eile leis, amhail príobháideachas.

Is minic a bhíonn rialacha áirithe ag ardáin le haghaidh físeán lena náirítear mionaoisigh (faoi bhun 18 mbliana d'aois), mar sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé in ann an físeán sin a thuairisciú faoi théarmaí agus coinníollacha agus a chinntiú go mbainfear é ar an dóigh sin. In ardáin áirithe, tugtar tosaíocht i mbeartais ardán áirithe do thuairiscí ó dhaoine óga atá idir 13 agus 17 mbliana d'aois.

Má bhíonn cuidiú de dhíth ó do mhac leis an tuairisciú, is féidir leis féachaint ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán.

Cad eile is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le do mhac

- Is féidir leat cabhair a thabhairt an túsáideoir a d'uaslódáil an físeán a bhlocáil.
- Is féidir leat comhairle a thabhairt do do mhac ceist a chur ar an duine a d'uaslódáil an físeán é a bhaint.
- Is féidir le do mhac é féin 'a dhíchlibeáil' ionas nach mbeidh a ainm sofheicthe.
- Is féidir leis teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí faoina chearta cosanta sonraí.
- Is féidir leis teagmháil a dhéanamh lena scoil ós rud é gur féidir go mbeidh beartais scoile ann maidir le bheith ag uaslódáil íomhánna nó grianghraf a ghlactar ar chlós na scoile.

5 Saoirse cainte

Tá mé i ngrúpa a phostálann go poiblí agus ag a bhfuil tuairimí láidre maidir le sláinte leanaí. Ní thaitníonn ár gcuid postálacha le daoine áirithe agus cuirtear cosc orthu an tam ar fad. Braithim gur cinsireacht é sin. An féidir liom é sin a thuairisciú chuig Coimisiún na Meán?

Faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne, má bhaintear do chuid postálacha, is féidir go mbeidh tú i dteideal na cúiseanna leis sin a fháil. Ní mór duit deis a fháil freisin an cinneadh sin a achomharc. Tá tábhacht leis sin toisc gurb amhlaidh leis an gCreat Sábháilteachta ar Líne a chosnaítear saoirse cainte agus mura bhfuil ábhar mídhleathach, nó díobhálach faoi théarmaí agus coinníollacha, is féidir nach ábhar a bheidh ann ar cheart é a bhaint.

Murar tugadh míniú duit agus/nó murar tugadh deis achomhairc duit, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán. Níl na cumhachtaí againn do phostáil a chur ar ais ná stocaireacht a dhéanamh thar do cheann, ach ba mhaith linn a fháil amach an bhfuil na rialacha á leanúint ag ardáin.

Cad eile is féidir leat a dhéanamh

- Léigh caighdeáin phobail an ardáin chun tuiscint a fháil ar cad é go díreach a cheadaítear agus nach gceadaítear ar an ardán.
- Téigh chuig comhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh a thug an modhnóir ábhair duit.

Cásanna Féideartha do Thuismitheoirí

Coimisiún na Meán

Cathain Tuairisciú chuig Coimisiún na Meán

6 Cén fáth a bhfuil an tábhar seo á fheiceáil agam?

Chuir mo leanbh roinnt tuairimí in iúl go poiblí le déanaí agus tá mé buartha faoin eolas atá á léamh aige ar líne agus faoin duine a bhfuil sé ag fáil a chuid tuairimí uaidh. Bhain cuid de na tuairimí le ról na mban nó le teoiricí comhcheilge. Conas is féidir liom bac a chur air dul síos poll coinín? An gcuirtear cosc air sin leis na rialacha nua?

Faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne, ba cheart na sonraí sna téarmaí agus coiníollacha a bheith éasca le tuiscint. Ba cheart duit a bheith in ann an méid a fheiceann tú a roghnú freisin, ach ‘Ní mian liom seo a fheiceáil’ nó ‘níl an méid seo ábhartha domsa’ a thuairisciú.

Má thugann tú athrú iompair faoi deara i do leanbh, tá sé tábhachtach labhairt leis faoi na daoine a leanann sé ar líne agus an méid seo a mholadh dó roimh fhaisnéis a chomhroinnt ar líne: Stop, Smaoinigh, Seiceáil. Is féidir leat a mholadh dó féachaint ar an suíomh gréasáin www.bemediasmart.ie/ga agus ar shuíomhanna gréasáin seiceálaí fíricí.

Cad eile is féidir leat a dhéanamh

- Coinnigh smacht rialta ar do leanbh faoin ábhar a fheiceann sé ar líne.
- Bíodh comhráite oscailte agaibh agus cuir spéis i saol do linbh ar líne.
- Bunaigh agus comhaontaigh roinnt rialacha le do leanbh maidir lena chuid gníomhaíochtaí ar líne.

Cásanna Féideartha do Thuismitheoirí

Coimisiún na Meán

Cathain Tuairisciú chuig Coimisiún na Meán

7 Ábhar míúsáide gnéasaí leanaí/ag bagairt é a chomhroinnt ar líne

Scar m'iníon óna buachaill ach níor ghlac sé go rómhaith leis sin. Tá anfhearg air agus tá sé ag bagairt na grianghraif ina bhfuil sí nocht agus a sheol sí chuige a chomhroinnt ar líne. Nach bhfuil an méid sin mídhleathach? Conas is féidir liom é a stopadh? An féidir liom tuairisciú do Choimisiún na Meán?

Is féidir go bhfuil sé mídhleathach a bheith ag bagairt íomhánna dlúthphearsanta de dhaoine eile, go háirithe mionaoisigh, a chomhroinnt. Tá sé de rogha agat dul chuig an nGarda Síochána agus an méid sin a thuairisciú leis an bhfianaise (gabhálacha scáileáin) gur bhagair sé sin a dhéanamh. Má chomhroinn buachaill d'iníne na híomhánna sin cheana, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le www.Hotline.ie agus is féidir go bhféachfaidh sé leis na híomhánna sin a bhaint duit.

Is féidir leat na híomhánna sin a thuairisciú freisin mar ábhar mídhleathach ar na hardáin ar a bhfaca tú iad. Dá mbeadh na híomhánna sin tuairiscithe agat agus murar bhain ardáin iad nó murar thug siad freagra duit, ba chabhrach an rud é an fhaisnéis sin a chomhroinnt le Coimisiún na Meán freisin ionas go mbeimis ar an eolas mura mbeadh na rialacha á leanúint ag ardáin.

Cad eile is féidir a dhéanamh chun cabhrú le d'iníon?

- Tabhair tacaíocht do d'iníon. Is amhlaidh go mbeadh sí trí-chéile leis an eispéireas seo.
- Muna bhfuil tú cinnte conas ábhar mídhleathach a thuraisciú, bí i dteangmháil le Coimisiún na Meán agus déanfaidh siad iarracht cabhrú leat.

Cásanna Féideartha do Thuismitheoirí

Coimisiún na Meán

Cathain Tuairisciú chuig Coimisiún na Meán

8 Cibearbhulaíocht i gcás cluichíochta

Imríonn m'iníon atá 9 mbliana d'aois cluichí ar líne. Chuala mé a comhrá de thimpiste le déanaí, rud a bhí aici le daoine eile ar líne, agus bhí alltacht orm. Bhí daoine ag rá léi lámh a chur ina bás féin agus an cluiche a fhágáil. Chonaic mé teachtaireachtí den chineál chéanna. An bhfuil an méid sin mídhleathach? An féidir liom tuairisciú do Choimisiún na Meán?

Tá bagairtí báis ar líne agus ar an láthair mídhleathach. Mar sin féin, tá tábhacht leis an gcomhthéacs agus, ar an drochuair, is féidir le pobail ar líne a bheith nimhneach uaireanta. Ar dtús, má tá ainm úsáideora na ndaoine a raibh na barúlacha sin á rá acu ar eolas agat, tá sé de rogha agat tuairisc a thabhairt orthu. I roinnt mhaith cluichí ar líne, is ann do chaighdeáin nó rialacha pobail agus is iondúil nach nglactar leis an gcineál iompair sin.

Maidir leis an méid sin a thuairisciú chuig Coimisiún na Meán, braitheann sé ar an áit a bhfuil ceanncheathrú an chluiche sin bunaithe. Dá mbeadh sé bunaithe in Éirinn agus dá gcomhlíonfaí ceanglais eile de chuid an Chreata Sábháilteachta ar Líne, mar shampla, mura bhféadfá teacht ar bhealach chun tuairisciú, d'fhéadfadh ról a bheith ag Coimisiún na Meán. Mar rialtóir meán, ní modhnóir ábhair muid, ach tá spéis againn a thuiscint agus a fheiceáil an bhfuil na rialacha á leanúint ag eagraíochtaí, rialacha nach mór dóibh a leanúint.

Cén bealach eile is féidir leat cuidiú le d'iníon?

- Is féidir leat an túsáideoir a bhalbhú nó a bhlocáil.
- Is féidir leat an cluiche a fhágáil
- Is féidir leat a chinntiú nach bhfuil tú ag imirt ach le do chairde agus le do theaghlach, nó leo sin a bhfuil aithne agat féin orthu.